


## Beartas Frithchalaoise agus Frithéillitheachta

Leagan: 3 / 10.2023

An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁC DL é: 9ú Deireadh Fómhair 2023

An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁC DL é: 16ú Deireadh Fómhair 2023

Síniú:  (CEO)

Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁC DL TÁ / NÍL

Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁC DL: TÁ / NÍL

Dáta athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

Uimh. an Bheartais: PL/025	Uimhir an Leagain 3 / 10.2023
Leaganacha roimhe seo: v2/2022	Le hÉifeacht ón: 9ú Deireadh Fómhair 2023
Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 16ú Deireadh Fómhair 2023	Dáta an Athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

# Beartas Frithchaloise agus Frithéillitheachta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO)

## 1 CUSPÓIR

---

Tá Dublin & Dun Laoghaire Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (“an BOO”) tiomanta a chúrsaí gnó a chur i bhfeidhm go hionraic cóir i gcónaí.

Is é cuspóir an Bheartais Frithchaloise agus Frithéillitheachta (an “Beartas” seo) ná

- (i) Cultúr a chur chun cinn ina n-ardófar feasacht ar an ngá le hardchaighdeán iompair phearsanta ionas go spreagfar cosc ar Chalaois agus/nó Éillitheacht;
- (ii) Aghaidh a thabhairt ar fhreagracht fostaithe agus bainisteoirí i ndáil le Calaois/Éillitheacht agus/nó Calaois/Éillitheacht amhrasta a bhrath agus a thuirisciú; agus
- (iii) Cur chuige an BOO a leagan amach i leith Calaois/Éillitheacht agus/nó Calaois/Éillitheacht amhrasta a phróiseáil agus a thuirisciú.

## 2 SCÓIP

---

Baineann an Beartas seo le fostaithe agus daoine nach fostaithe iad, lena n-áirítear comhaltaí boird an BOO, de réir na sainmhínte iomlána thíos.

## 3 SAINMHÍNITHE

---

### Calaois

Tá an chalaois neamhdhleathach faoi reachtaíocht na hÉireann agus áirítear léi cealgaireacht, brionnú, breabaireacht, sracadh, claonchasadh srl.

Go hachomair, is ionann an chalaois agus coir ina ndéantar iarracht airgead nó tairbhí airgeadais a ghnóthú ar chaoi atá mídhleathach nó mí-ionraic. Bíonn calaois i gceist freisin nuair a chuireann duine dallamullóg ar dhuine eile trí thathant air nó uirthi rud éigin a dhéanamh nó gan rud éigin

a dhéanamh a mbeidh cailteanas airgeadais ann dá bharr. Is féidir calaois a dhéanamh ar líne, i bpearsa nó trí chomhfhreagras.

### Éillitheacht

Tá an éillitheacht neamhdhleathach faoi reachtaíocht na hÉireann. Baineann an éillitheacht le míúsáid cumhachta ná róil, agus tarlaíonn sí nuair a théann daoine ar thóir féirín nó buntáiste, nó nuair a ghnóthaíonn siad féirín nó buntáiste, agus é sin bunaithe ar úsáid mhíchuí a n-oifige chun críche gnóthachan pearsanta nó chun aimhleas duine eile.

Chun chríoch an bheartais seo, cuimsíonn Calaois/Éillitheacht na samplaí a leanas (gan a bheith teoranta dóibh):

- Gníomhaíocht amhrasach nó iarbhír, is cuma cé acu an d'aon ghnó ná meargánta an ghníomhaíocht sin, a mbeidh cailteanas don **Error! Not a valid link.BOO** ann dá bharr, is cuma cé acu an cailteanas airgeadais, dea-cháile ná eile atá i gceist;
- Gníomh intinneach caimiléireachta chun buntáiste míchóir/mídhleathach a ghnóthú, mar shampla, chun gnóthachan a bhaint amach (airgeadais nó eile), chun oibleagáid a sheachaint nó chun a bheith mar chúis le cailteanas do pháirtí eile;
- Mírialtacht nó mírialtacht amhrasta;
- Breabaireacht, lena n-áirítear aon bhuntáiste/íocaíochtaí mídhleathacha/asluithe airgeadais nó eile, a thairiscint, a ghealladh, a thabhairt nó a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, chun tathant ar an bhfaighteoir ná aon duine eile, é nó í féin a iompar go míchuí agus a d(h)ualgais á gcur i bhfeidhm aige nó aici, nó chun an t-iompar míchuí sin a chúiteamh leis nó léi, nó i gcás go mbeadh an faighteoir á iompar féin go míchuí dá nglacadh sé nó sí lena leithéid de bhuntáiste;
- Éillitheacht a áiríonn mí-úsáid na cumhachta nó an róil atá mar chúram ar dhuine chun tairbhe an fhostaí, agus áiríonn sin cás ina n-aistrítear an tairbhe sin chuig páirtí eile;
- Cealgaireacht.
- Faisnéis agus/nó tuairiscí míthreoracha a chruthú d'aon turas;
- Féiríní nó fáilteachas a thairiscint nó a ghlacadh le go bhfaighfí cinntí buntáisteacha mar chúiteamh orthu;
- Íocaíochtaí a éileamh as earraí nach bhfuarthas agus/nó seirbhísí nár cuireadh i gcrích;
- Éileamh a chur isteach-ar uaireanta nár oibríodh;
- Éilimh bhréagacha agus/nó áibhéalta a chur isteach ar aisíoc costas;
- Doiciméid a bhrionnú nó a athrú;
- Goid, míleithreasú nó úsáid neamhúdaraíthe mhaoin an **Error! Not a valid link.BOO**, lena n-áirítear airgead tirim/coibhéisí airgid thirim.

- Dochar a bhagairt ar dhuine, bunaithe ar rún dul i gcion ar an duine sin nó ar dhuine eile go héillitheach le go gcuirfeadh an duine sin gníomh i bhfeidhm maidir lena (h)joifig, fostaíocht, ról nó gnó.
- Iarrachtaí aon cheann de na gníomhartha thuas a dhéanamh

Airítear le **fostaithe**:

- Ball foirne an BOO a bhfuil luach saothair á fháil aige nó aici, bíodh sin go lánaimseartha nó go páirtaimseartha;
- **Error! Not a valid link.**Foireann gníomhaireachta an BOO;
- Daoine a bhfuil taithí oibre á fáil acu leis **Error! Not a valid link.**an BOO;
- Oibrithe deonacha a chuireann seirbhísí ar fáil don BOO.

Airítear le **daoine nach fostaithe iad**:

- Daoine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí don BOO, lena n-áirítear, áit ar cuí, sainchomhairleoirí, díoltóirí, conraitheoirí, gníomhaireachtaí seachtracha a bhíonn i mbun gnó leis **Error! Not a valid link.**an BOO nó fostaithe na ngníomhaireachtaí sin, agus/nó aon pháirtithe eile a bhfuil caidreamh acu leis **Error! Not a valid link.**an BOO;
- Baill an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, seachas na baill sin atá ina bhfostaithe;
- Comhaltaí d'aon choiste de chuid an Bhord Oideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear boird bhainistíochta, seachas na comhaltaí sin atá ina bhfostaithe.

## 4 GINEARÁLTA

---

- Coinneoidh an BOO clár féiríní lena chinntiú go bhfuil na féiríní sin réasúnta, nach bhfuil siad iomarcach, agus go bhfuil an beartas fáilteachais á chomhlíonadh acu
- Is é beartas **Error! Not a valid link.**an BOO ná Calaois agus/nó Éillitheacht a aithint agus a imscrúdú (a luaithe agus is féidir go réasúnta sna cúinsí), agus réitigh chuí a aimsiú, réitigh dhlíthiúla san áireamh.
- Tar éis imscrúdaithe, má chinntear go raibh Calaois agus/nó Éillitheacht i gceist, d'fhéadfadh go ngairfí an nós imeachta smachta, agus d'fhéadfadh freisin go ndéanfaí caingne dlí eile a thionscnamh in aghaidh aon fhostaí/fostaithe agus/nó eintitis atá luaite leis an gcás.

- I ngach cás ina gcinntear go bhfuil gnóthachan airgeadais fabhráithe ag fostaí, beidh an BOO ag lorg ón bhfostaí sin aisíocaíocht/aisghabháil aon chaillteanas atá tabhairthe aige dá bharr, caillteanas a d'fhéadfadh luach airgeadúil na Calaoise agus/nó aon chostais choimhdeacha i dtaca le himscrúdú, aithint nó tuairisciú na Calaoise agus/nó Éillitheachta srl. a áireamh. **Error! Not a valid link.** Coimeádann an BOO an ceart aige féin aon chaillteanas den chineál sin a aisghabháil trí ghairnisiú íocaíochtaí tuarastail agus/nó pinsin agus/nó trí asbhaintí ón tuarastal agus/nó tríd na cúirteanna chun an fiachas atá dlite a bhailiú.
- I ngach cás ina gcinntear go bhfuil gnóthachan airgeadais fabhráithe ag duine nach fostaithe é nó í, beidh an BOO ag lorg ón té sin aisíocaíocht/aisghabháil aon chaillteanas atá tabhairthe aige dá bharr, lena n-áirítear tríd na cúirteanna, chun an t-airgead nó na fiachais atá dlite a bhailiú.

## 5 BEARTAIS EILE

---

Ba cheart an Beartas seo a léamh in éineacht le beartais BOO eile, lena n-áirítear na beartais atá leagtha amach in Aguisín C, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

## 6 FREAGRACHT AS CALAOIS AGUS/NÓ ÉILLITHEACHT A BHRATH AGUS A CHOSC

---

Is iad na baill foirne ag gach leibhéal atá freagrach as dícheall cuí agus rialú a fheidhmiú maidir le gníomhartha amhrasta Calaoise agus/nó Éillitheachta a chosc, a bhrath agus a thuairisciú. Mar atá leagtha amach i lámhleabhar/Cód Iompair an BOO, maidir leo siúd nach gcomhlíonann na freagrachtaí sin, beidh siad faoi réir gníomh smachtaithe, a d'fhéadfadh foirceannadh fostaíochta a áireamh.

### 6.1 FREAGRACHT NA MBAINISTEoirí

Is freagracht gach bainisteora é cur amach a bheith aige nó aici ar na saghsanna iompair mhíchúí a d'fhéadfadh tarlú ina réimse ar leith féin agus a bheith airdeallach ar aon chosúlacht go bhfuil Calaois agus/nó Éillitheacht ag tarlú nó tar éis tarlú sa réimse sin, agus rialúcháin a chur i bhfeidhm chun a leithéid de chásanna a sheachaint.

Is gá do bhainisteoirí tacú leis an bhFoireann Bainistíochta ainmnithe san BOO, comhoibriú leo agus obair i gcomhar leo, agus le ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí eile, chun gníomhaíocht Chalaoiseach agus/nó Éillitheach líomhnaithe a bhrath, a thuairisciú agus a imscrúdú, agus áiríonn sin coireanna líomhnaithe a ionchúiseamh.

Má bhraitear Calaois agus/nó Éillitheacht i réimse ar leith, is é an bainisteoir atá freagrach as na bearta ceartaitheacha cuí a chur i ngníomh lena chinntiú go gcuirtear na rialúcháin riachtanacha i bhfeidhm chun atarlú na ngníomhartha míchuí a sheachaint.

## 6.2 FREAGRACHT NA BHFOSTAITHE

Is é freagracht na bhfostaithe uile a ngnóthaí a dhéanamh ar chaoi a laghdóidh an riosca Calaoise agus/nó Éillitheachta sa láthair oibre. Is gá d'fhostaithe freisin a bheith san airdeall ar na féidearthachtaí go mbeadh Calaois agus/nó Éillitheacht ann agus a bheith ar a n-aire i dtaca le haon chosúlachtaí Calaoise nó Éillitheachta.

Tá de dhualgas ar gach fostaí an BOO a chosaint ar theagmhais Chalaoise agus/nó Éillitheachta. Iarrtar ar fhostaithe próisis agus nósanna imeachta a aithint a d'fhéadfadh a bheith gan chosaint ar Chalaois agus/nó Éillitheacht agus na cásanna sin a chur ar a shúile don bhainisteoir ina réimse. Anuas air sin, tá na baill foirne uile freagrach as sonraí a thuairisciú láithreach bonn dá mbainisteoir líne má mheasann siad go ndearnadh iarracht gníomh Calaoiseach agus/nó Éillitheach a dhéanamh, nó go ndearnadh gníomh den chineál sin, nó má fheiceann siad aon ngníomhartha nó tarlú a bhfuil siad amhrasach ina leith.

Is gá d'fhostaithe comhoibriú leis an BOO, le haon chomhlacht imscrúdaithe a cheaptar, agus le ranna poiblí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí forfheidhmithe dlí eile, chun gníomhaíocht Chalaoiseach líomhnaithe a bhrath, a thuairisciú agus a imscrúdú, agus áiríonn sin coireanna líomhnaithe a ionchúiseamh.

Ba cheart do na fostaithe ar fad a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi **Error! Not a valid link**.bheartais, nósanna imeachta agus rialacháin bhainteacha eile, lena n-áirítear na cinn atá ainmnithe in Aguisín C, ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

## 6.3 COINBHLEACHTAÍ LEASA

Tarlaíonn coinbhleacht leasa, lena n-áirítear coinbhleacht leasa fhéideartha, nuair a chuireann leasanna pearsanta, a chuimsíonn iad siúd a bhaineann le teaghlach/obair sheachtrach srl., teagmhálaithe nó gníomhaíochtaí seachtracha isteach ar chumas an fhostaí obair a dhéanamh nó cinntí oibiachtúla a dhéanamh thar ceann an BOO. Is gá dréim le coinbhleachtaí leasa agus/nó an fhéidearthacht go mbeadh a leithéid ann a sheachaint, agus ba chóir don fhostaí comhairle a lorg ón mbainisteoir líne más amhlaidh atá neamhchinnteacht ann maidir lena leithéid de choinbhleacht.

Iarrtar ar Fhostaithe leasanna **Error! Not a valid link**.an BOO a chur roimh a leasanna féin agus **Error! Not a valid link**.gnóthaí an BOO á gcur i bhfeidhm acu. Gach gnó a chuirtear i bhfeidhm thar ceann **Error! Not a valid link**.an BOO, is gá é a dhéanamh go díograiseach dílis.

Is gá d’Fhostaithe Cód Iompair **Error! Not a valid link.** an BOO d’Fhostaithe a chomhlíonadh, ina bpléitear le coinbhleachtaí leasa.

## 7 AN BAOL GNÍOMHAÍOCHTA CALAOISÍ AGUS/NÓ ÉILLITHÍ A LAGHDÚ

---

**Error! Not a valid link.** Baineann an BOO leas as réimse gníomhaíochtaí chun an baol a laghdú go dtarlóidh gníomhaíocht Chalaoiseach nó Éillitheach, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta i scríbhinn ina n-éilítear go ndéanfaí idirbhearta a údarú i gceart agus ina ndéanfaí foráil le haghaidh dealú dualgas leordhóthanach.

Aon bhaill foirne a bhfuil freagrachtaí bainistíochta nó maoirseachta acu, is gá dóibh a chinntiú go bhfuil na baill foirne uile ina n-aonad ar an eolas faoi bheartais agus nósanna imeachta an BOO agus go gcuirfidh siad na bearta cuí i bhfeidhm lena chinntiú go gcloífear leo sin i gcónaí.

### 7.1 INIÚCHÓIREACTH INMHEÁNACH

Déanann Iniúcháireacht Inmheánach sláine gach táscaire feidhmíochta airgeadais agus oibriúcháin a mheas, lena n-áirítear comhlíonadh rialála, agus soláthraíonn siad tuairim neamhspleách do Choiste Iniúcháireachta an BOO i dtaca le leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais iomláin rialaithe agus dearbhaithe inmheánaigh laistigh den eagraíocht, agus i dtaca le cé chomh mór ar féidir leis an gCoiste Iniúcháireachta, agus ina dhiaidh sin an Bord, brath ar na rialuithe inmheánacha sin.

### 7.2 ACMHAINNÍ DAONNA

Agus iad ag iarraidh an riosca Calaoise agus/nó Éillitheachta a laghdú, d’fhéadfadh Acmhainní Daonna tabhairt faoi na bearta seo a leanas:

- (i) Gnáthchleachtais earcaíochta a chur i bhfeidhm, a chuimseodh, b’fhéidir, teistiméireachtaí a sheiceáil agus/nó grinnfhiosrúchán a dhéanamh maidir le fostaithe nua féideartha;
- (ii) Na rialacha iompair cuí a chur ar a súile d’fhostaithe agus iad ceaptha;
- (iii) A chinntiú go mbeidh beartais fostaíochta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le Calaois agus/nó Éillitheacht agus a chuimsíonn treoir faoi úsáid chuí na teicneolaíochta faisnéise, mar chuid d’aon chlár ionduchtúcháin a sholáthraítear d’fhostaithe ag gach leibhéal;
- (iv) Eolas nuashonraithe agus fógraí a chur ar fáil i gcás go ndéantar leasú nó i gcás go gcuirtear beartais nua maidir le Calaois agus/nó Éillitheacht (cód iompair san áireamh) i bhfeidhm;
- (v) Cabhrú le bainisteoirí Próiseas Smachta ábhartha **Error! Not a valid link.** an BOO a chur i bhfeidhm agus a oibriú áit ar gá.

## 8 CALAOIS NÓ ÉILLITHEACTH A THUAIRISCIÚ

---

Is iad na baill foirne ar fad atá freagrach as aon amhrais maidir le Calaois agus/nó Éillitheacht a thuairisciú gan mhoill de réir an nós imeachta atá leagtha amach thíos. Aon duine a cheileann nó a bhacann Calaois agus/nó Éillitheacht, gan chúis réasúnta, nó nach ndéanann amhras Calaoise agus/nó Éillitheachta a thuairisciú a luaithe atá sé nó sí ar an eolas faoi, d'fhéadfadh an duine sin a bheith faoi réir beart smachta, lena n-áirítear foirceannadh fostaíochta, agus d'fhéadfadh go dtionscnódh na húdaráis ionchúiseamh coiriúil ina leith freisin.

Aon duine a bhagraíonn díoltas ar fhostaí a thuairiscíonn Calaois agus/nó Éillitheacht amhrasta, d'fhéadfaidís a bheith faoi réir beart smachta agus d'fhéadfadh go dtionscnódh na húdaráis ionchúiseamh coiriúil ina leith freisin.

D'fhéadfaí Calaois agus/nó Éillitheachta bhrath ag aon leibhéal san eagraíocht agus ba cheart cloí leis na prionsabail ghinearálta seo a leanas i ndáil le Calaois agus/nó Éillitheacht amhrasta a thuairisciú:

- (i) Aon duine a cheapann go bhfuil gníomhaíocht Chalaoiseach agus/nó Éillitheach ag tarlú, ba cheart dó ná di an cás sin a thuairisciú dá b(h)ainisteoir líne díreach. Má mheastar nach cuí a leithéid de chás a thuairisciú don bhainisteoir líne díreach, ba chóir é a thuairisciú don Bhainisteoir Acmhainní Daonna nó do bhall d'Fhoireann Feidhmiúcháin an BOO. Chun críche an Bheartais seo, úsáidfear an téarma 'páirtí ábhartha' chun tagairt don bhainisteoir líne, don Bhainisteoir Acmhainní Daonna agus do bhall d'Fhoireann Feidhmiúcháin an BOO, pé duine acu lena mbaineann.
- (ii) A luaithe atá líomhain Calaoise/Éillitheachta amhrasta curtha faoi bhráid páirtí ábhartha, tuairisceoidh an páirtí sin an líomhain go díreach don Stiúrthóir um Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta ("**Stiúrthóir TFE**") (nó don Phríomhfheidhmeannach, más in éadan an Stiúrthóra um Thacaíocht agus Fhorbairt Eagraíochta a rinne an líomhain).
- (iii) Comhlánóidh an té a bhfuil an Chalaois/Éillitheacht amhrasta á tuairisciú aige nó aici Tuairisc Chalaoise/Éillitheachta, agus tá sin ar fáil in Aguisín A. Aon nochtadh cosanta a dhéanann oibrí, pléitear leis de réir Bheartas um Nochtadh Cosanta an BOO, agus tá sliocht ábhartha ón mBeartas sin ar fáil in Aguisín B.

**Má tá Calaois/Éillitheacht amhrasta á tuairisciú ag duine, ní ceart dó ná di riamh imscrúdú a dhéanamh, ná iarracht a dhéanamh imscrúdú a dhéanamh, ar a (h)amhrais féin i dtaca leis an gníomhaíocht amhrasta. Ní ceart do dhuine ná daoine, lena n-áirítear an té a bhfuil na**



hamhrais á dtuairisciú aige/aici, Calaois agus/nó Éillitheacht a imscrúdú ach amháin má thugann Stiúrthóir an TFE cead amhlaidh a dhéanamh.<sup>1</sup>

## 9 NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE HÍMSCRÚDÚ CALAOISE LÍOMHNAITHE

---

### 9.1 GINEARÁLTA

Is é Stiúrthóir an TFE a bheidh freagrach (seachas i gcás a bhaineann lena (h)Oifig féin) as freagairt an BOO a chomhordú, agus lorgóidh sé nó sí sainchomhairle dlí más gá.

Beidh Stiúrthóir an TFE<sup>2</sup> i dteagmháil **Error! Not a valid link.** le hárachóir an BOO a luaithe agus is féidir lena chinntiú go ndéileálfar go pras agus go cuí le ceisteanna árachais.

Má mheastar go bhfuil baint ag oifig Stiúrthóir an TFE leis an gCalaois agus/nó Éillitheacht líomhnaithe, tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach nó a Ainmní faoi ról Stiúrthóir an TFE i gcomhthéacs an bheartais seo.

---

<sup>1</sup> Má bhaineann an Chalaois agus/nó Éillitheacht le ball de Bhainistíocht Feidhmiúcháin an BOO, ní ceart go ndéanfaí imscrúdú ar an gCalaois amhrasta nó go gcuirfear an Príomhfheidhmeannach ar an eolas. Má bhaineann an Chalaois agus/nó Éillitheacht leis an bPríomhfheidhmeannach, ní ceart go ndéanfaí imscrúdú ar an gCalaois amhrasta nó go gcuirfear Cathaoirleach Bhord an BOO ar an eolas.

<sup>2</sup> I gcás go bhfuil baint ag oifig Stiúrthóir an TFE leis an scéal, tabharfaidh ainmní an Phríomhfheidhmeannaigh an t-eolas is deireanaí faoin gcás.

### 9.2 RÉAMHCHLEACHTADH SCÓIPE

A luaithe a fhaigheann sé nó sí tuairisc faoi Chalaois agus/nó Éillitheacht fhéideartha, tabharfaidh Stiúrthóir an TFE faoi mheasúnú scóipe. Ba cheart go bpléifí sa mheasúnú sin cé acu an ceart nó nach ceart an éagóir líomhnaithe a imscrúdú, agus dar ndóigh, an féidir sin a dhéanamh, agus más ea, cén bearta is ceart a chur i bhfeidhm mar chuid den imscrúdú.

### 9.3 AN GARDA SÍOCHÁNA

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur ghá an cás a thuairisciú do An Garda Síochána agus d'fhéadfadh go ndéanfaidís an cás a imscrúdú, é sin nó é a thuairisciú do chomhlacht eile a bhfuil de chumhacht agus d'fheidhm reachtúil aige, imscrúdú a dhéanamh ar chásanna faoi leith.

Is é Stiúrthóir an TFE a bheidh freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an BOO aon oibleagáidí tuairiscithe éigeantacha atá ina gceangal air de réir reachtaíocht choiriúil na hÉireann.

Is trí chóras ceartais choiriúil an Stáit a thugtar aghaidh ar ghné choiriúil aon Chalaoise nó Éillitheachta. Má tá imscrúdú le cur i bhfeidhm ag An Garda Síochána, is féidir leis an BOO leanúint dá imscrúdú féin a luaithe a dhearbhaíonn na Gardaí go bhfuil sin cuí.

I gcás go bhfuil imscrúdú coiriúil idir lámha, coimeádann an BOO an ceart aige féin fostaí a chur ar saoire riaracháin.

#### **9.4 IMSCRÚDÚ**

Má theastaíonn imscrúdú, ba cheart do Stiúrthóir an TFE machnamh a dhéanamh ar chineál agus mhéid an imscrúdaithe. Is é a bheadh i gceist leis sin, b'fhéidir, ná cur chuige neamhfhoirmiúil le haghaidh éagóracha nach bhfuil chomh dáiríre sin, imscrúdú cuimsitheach mionsonraithe ar éagóracha dáiríre, nó imscrúdú a chuirfeadh comhlacht eile i bhfeidhm. D'fhéadfadh cásanna áirithe a bheith chomh tromchúiseach sin go mbeadh sé níos oiriúnaí imscrúdú seachtrach a chur i bhfeidhm, nó go mbeadh gá le saineolaithe gairmiúla i réimse ar leith chun an t-imscrúdú a dhéanamh.

Oibreoidh Stiúrthóir an TFE i gcomhar le Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta an BOO chun a chinneadh cé acu an féidir nó nach féidir le hAonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AI) an BOO tabhairt faoi imscrúdú ar an gcás thar ceann BOOXX de réir Théarmaí Tagartha an AAI - BOO.

Má tá Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí an BOO in ann imscrúdú a dhéanamh ar an gcás seo, eiseofar litir rannpháirtíochta don Choiste Iniúchóireachta laistigh de 5 lá oibre. Tabharfar cuntas sa litir rannpháirtíochta ar sprioc-am measta an imscrúdaithe.

I gcás nach bhfuil ar chumas Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí an BOO cabhair den sórt sin a sholáthar, cuirfidh Stiúrthóir an TFE an cás ar aghaidh lena imscrúdú chuig Imscrúdaitheoir Seachtrach a aimseofar ó Chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) um Sheirbhísí Imscrúdaithe trí leas a bhaint as Téarmaí Tagartha sonraithe.

## **10 IARMHAIRTÍ D'FHOSTAITHE**

---

I gcás go bhfuil imscrúdú idir lámha, coimeádann an BOO an ceart aige féin fostaí a chur ar saoire riaracháin.

I gcás go gcinntear go bhfuil an BOO thíos leis de bharr rud a rinne nó nach ndearna fostaí, coimeádann sé an ceart aige féin aon chaillteanais den chineál sin a aisghabháil trí ghairnisiú íocaíochtaí tuarastail agus/nó pinsin agus/nó trí asbhaintí ón tuarastal agus/nó tríd na cúirteanna chun an fiachas atá dlite a bhailiú.

Má chinntear mar thoradh ar imscrúdú go bhfuil cás le míniú ag fostaí, déanfar an cás sin a chur ar aghaidh mar mhí-iompar tromchúiseach líomhnaithe chuig Céim 4 den nós imeachta smachtaithe ábhartha de réir mar is cúí i gcás an fhostaí sin.

## **11 IARMHAIRTÍ DO DAOINE NACH FOSTAITHE IAD**

---

D'fhéadfadh an BOO a chaidreamh a fhoirceannadh le daoine nach fostaithe iad a sháraíonn an beartas seo, agus d'fhéadfadh sé freisin dul i muinín caingean dlí chun aon chailteanais atá tabhaithe ag an BOO a aisghabháil.

## **12 ÚSÁID SLEACHTA FÍSE TCI MAR CHUID DEN IMSCRÚDÚ**

---

I gcás go bhfuil sleachta físe TCI ina gcuid den fhianaise a bhaineann le gníomhaíocht Chalaoiseach nó Éillitheach líomhnaithe, agus go mbaintear leas astu sin mar chuid d'imscrúdú faoin mBeartas seo, déanfar amhlaidh de réir Bheartas TCI an BOO.

## **13 COSAINT SONRAÍ**

---

Aon imscrúdú a dtugtar faoi de bhun an Bheartais Calaoise, beidh sé de réir Bheartas Cosanta Sonraí an BOO agus de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí.

## **14 RÚNDACHT**

---

Ní nochtfar faisnéis maidir le líomhain Chalaoise d'aon pháirtí ach amháin de réir an Bheartais seo.

Aon fhostaí de chuid an BOO a nochtann faisnéis den chineál sin seachas de réir an Bheartais seo, d'fhéadfadh sé nó sí a bheith faoi réir bhearta smachta, lena n-áirítear foirceannadh fostaíochta.

Is é an Príomhfheidhmeannach nó oifigeach a ainmnítear ina áit a bheidh freagrach as déileáil le haon cheisteanna ón bpreas nó ó mheáin eile nach é.

## **15 AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA A CHUR AR AN EOLAS**

---

Is é an Príomhfheidhmeannach atá freagrach as cailiteanais a chur ar a súile don Roinn Oideachais agus Scileanna agus d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

## **16 CUR I BHFEIDHM AGUS ATHBHREITHNIÚ**

---

Déanfaidh an Fhoireann Feidhmiúcháin plé ar an mBeartas seo go bliantúil lena athbhreithniú de réir an dea-chleachtais, nó i bhfianaise athruithe ar an reachtaíocht agus treoir ó fhoinsí amhail Iniúcháireacht Inmheánach, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, an Roinn Oideachais agus Scileanna nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is é an dáta cur i bhfeidhm ná 10/06/2019, agus sin an dáta ar ar nótáil Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin & Dun Laoghaire an Beartas seo.

### **AGUISÍN A: TUAIRISC THEAGMHAIS / AMHRAIS FAOIN MBEARTAS CALAOISE AGUS/NÓ ÉILLITHEACHTA**

---

Cur síos iomlán ar an Teagmhas / Cúis leis an Amhras:

---

Arna thuairisciú ag: \_\_\_\_\_ (Ainm agus Uimhir Baill Foirne)

Dáta na Tuairisce: \_\_\_\_\_ (LL/MM/BBBB)

Arna Thuairisciú do: \_\_\_\_\_

Teideal: \_\_\_\_\_

## AGUISÍN B: SLIOCHT ÓN MBEARTAS BOO MAIDIR LE NOCHTADH COSANTA ARNA DHÉANAMH AG OIBRITHE

---

### 5. Nochtuithe Cosanta

#### 5.1 *Ginearálta*

(a) Ba cheart nochtadh cosanta a dhéanamh a luaithe agus is féidir chun go mbeidh ar chumas an BOO na bearta riachtanacha a chur i bhfeidhm gan mhoill.

#### 5.2 *Nochtuithe Cosanta arna nDéanamh ag Oibrí BOO*

(a) Aon oibrí BOO atá ag iarraidh nochtadh cosanta a dhéanamh, moltar dó ná di dul i dteagmháil le hOifigeach Nochtuithe Cosanta an BOO.

(b) Seo sonraí an Oifigigh Nochtuithe Cosanta in BOO (**iontráil ainm agus/nó teideal agus sonraí teagmhála**)

#### 5.3 *Formáid Nochtuithe Cosanta*

(a) Ba cheart nochtuithe cosanta a chur in iúl i scríbhinn agus ba cheart go mbeadh a oiread sonraí agus is féidir iontu chun cúiseanna an amhrais thromchúisigh a léiriú agus chun tacú leo.

(b) Ba cheart don nochtadh cosanta i scríbhinn a bheith fíorasach seachas tuairimeach, agus moltar a oiread eolais shonraigh a chuimsiú ann agus is féidir ionas go mbeifear in ann cineál agus méid an amhrais a mheas go cuí.

Moltar an fhaisnéis seo a leanas a bheith sa nochtadh cosanta i scríbhinn go hidéalach:

- bunús an nochta,
- stair an nochta,
- an chúis leis an nochtadh,
- ainmneacha na ndaoine a bhfuil baint acu leis an scéal, más fíor,
- na dátaí atá ábhartha sa nochtadh,
- na háiteanna atá ábhartha sa nochtadh,
- aon fhaisnéis eile a bhfuil baint aici leis an nochtadh, dar leis an oibrí.

(c) Má tá *cúis eisceachtúil* ann, áfach, nach féidir leis an oibrí an nochtadh cosanta a chur i scríbhinn, is féidir leis nó léi gaoch ar an duine nó bualadh leis an duine ar mhaith leis nó léi an nochtadh cosanta a dhéanamh dó ná di, sa chaoi gur féidir leis nó léi an fhaisnéis thuasluaite a sholáthar.

AGUISÍN C: LIOSTA NA MBEARTAS BOO ÁBHARTHA (NÍL AN LIOSTA UILEGHABHÁLACH)

---

- Beartas maidir le nochtuithe cosanta arna ndéanamh ag oibrithe BOO
- Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis na Nósanna Imeachta um Mhúinteoirí agus Phríomhoidí a Chur ar Fionraí agus a Dhífhostú (BOOnna)
- Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis na Nósanna Imeachta um Phríomhoidí Scoileanna Náisiúnta Pobail a Chur ar Fionraí agus a Dhífhostú
- Fóram Comhchomhairleach Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus Ceardchumann - Nós imeachta smachta d'fhoirne atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna
- Nósanna imeachta do phríomhoidí i dtaca lena n-obair, a n-iompar agus ceisteanna inniúlachta gairmiúla ina ról mar phríomhoide
- Cód Eitice an BOO
- Cód Iompair an BOO do Bhaill Foirne
- Beartas an BOO maidir le Féiríní agus Fáilteachas
- Beartas Cosanta Sonraí an BOO (lena n-áirítear na doiciméid bhainteacha, m.sh. prótacal um bainistíocht sáraithe, beartas TCI srl.)
- Beartas Úsáide TFC an BOO
- Beartas Fáilteachais an BOO

